# DÁIL ÉIREANN

*Déardaoin*, 8 *Deireadh Fómhair*, 2009
*Thursday*, 8*th October*, 2009

---

RIAR NA hOIBRE
ORDER PAPER

*Déardaoin*, 8 *Deireadh Fómhair*, 2009
*Thursday*, 8*th October*, 2009

10.30 a.m.

---

**ORD GNÓ**
**ORDER OF BUSINESS**

***a*14.** Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil le téarmaí Chonradh Liospóin.
Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann of the terms of the Treaty of Lisbon.

***b*14.** Tairiscint *maidir le* Suíonna agus Gnó na Dála.
Motion *re* Sittings and Business of the Dáil.

**3.** An Bille Cumarsáide (Sonraí a Choimeád) 2009 — Ordú don Dara Céim.
Communications (Retention of Data) Bill 2009 — Order for Second Stage.

**4.** An Bille um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Ardráta) 2009 — Ordú don Dara Céim.
Communications Regulation (Premium Rate Services) Bill 2009 — Order for Second Stage.

**FÓGRA I dTAOBH GNÓ NUA**
**NOTICE OF NEW BUSINESS**

**20*a*.** Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil le téarmaí an Chomhaontaithe idir Rialtas Réigiún Riaracháin Speisialta Hong Cong Dhaonphoblacht na Síne agus Rialtas na hÉireann maidir le Cúnamh Dlíthiúil Frithpháirteach i ndáil le Nithe Coiriúla.
Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann of the terms of the Agreement between the Government of Hong Kong Special Administrative Region of the People's Republic of China and the Government of Ireland concerning Mutual Legal Assistance in Criminal Matters.

# I dTOSACH GNÓ PHOIBLÍ
# AT THE COMMENCEMENT OF PUBLIC BUSINESS

*Billí a thionscnamh : Initiation of Bills*

*Tíolactha:*
*Presented:*

**3.** An Bille Cumarsáide (Sonraí a Choimeád) 2009 — Ordú don Dara Céim.
Communications (Retention of Data) Bill 2009 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do thabhairt éifeacht do Threoir Uimh. 2006/24/CE an 15 Márta 2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sonraí a choimeád, is sonraí arna nginiúint nó arna bpróiseáil i dtaca le seirbhísí cumarsáide leictreonaí atá ar fáil go poiblí nó gréasáin cumarsáide poiblí a sholáthar agus lena leasaítear Treoir 2002/58/CE, do dhéanamh socrú maidir le sonraí áirithe a choimeád agus maidir le rochtain ar na sonraí sin chun cionta tromaí a chosc, slándáil an Stáit a chosaint agus beo daoine a shábháil, d'aisghairm Chuid 7 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta) 2005, do leasú an Achta um Post-Phaicéid agus Teachtaireachtaí Teileachumarsáide a Thascradh (Rialáil) 1993 agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara

Bill entitled an Act to give effect to Directive No. 2006/24/EC of the European Parliament and of the Council of 15 March 2006 on the retention of data generated or processed in connection with the provision of publicly available electronic communications services or of public communications networks and amending Directive 2002/58/EC, to provide for the retention of and access to certain data for the purposes of the prevention of serious offences, the safeguarding of the security of the State and the saving of human life, to repeal Part 7 of the Criminal Justice (Terrorist Offences) Act 2005, to amend the Interception of Postal Packets and Telecommunications Messages (Regulation) Act 1993 and to provide for related matters.

*—An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.*

---

**4.** An Bille um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Ardráta) 2009 — Ordú don Dara Céim.
Communications Regulation (Premium Rate Services) Bill 2009 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht do dhéanamh socrú chun go ndéanfaidh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide Seirbhísí Ardráta a rialáil agus do leasú an Achta um Rialáil Cumarsáide 2002 agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe comhghaolmhara.

Bill entitled an Act to provide for the regulation of Premium Rate Services by the Commission for Communications Regulation and to amend the Communications Regulation Act 2002 and to provide for connected matters.

*—An tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha.*

---

*Fógraí Tairisceana : Notices of Motions*

***a*14.** "Go gceadaíonn Dáil Éireann téarmaí Chonradh Liospóin ag leasú an Chonartha ar an Aontas Eorpach agus an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, a síníodh i Liospóin, an 13 Nollaig 2007, ar leagadh

That Dáil Éireann approves the terms of the Treaty of Lisbon amending the Treaty on European Union and the Treaty establishing the European Community, signed at Lisbon, 13th December 2007, copies of which were

cóipeanna de faoi bhráid Dháil Éireann, Dé Máirt, an 6 Deireadh Fómhair 2009.

laid before Dáil Éireann on Tuesday, 6th October 2009."

*—An tAire Gnóthaí Eachtracha.*

---

***b*14.** "D'ainneoin aon ní sna Buan-Orduithe, go háirithe Buan-Ordú Uimh. 10, beidh feidhm ag na socruithe seo a leanas i ndáil leis an suí Dé Máirt seo chugainn:

(i) ní thógfar Ceisteanna ar an Taoiseach;

(ii) ar 2.30 p.m., déanfaidh an Ceann Comhairle, Seán Ó Donnchú T.D., Ráiteas faoina Éirí As agus ag deireadh an ráitis seo cuirfear an suí ar fionraí ar feadh 15 nóimead;

(iii) ar athchromadh ar ghnó déanfar Ceann Comhairle Nua a Thoghadh; agus

(iv) tógfar Ceisteanna Ó Bhéal ag deireadh Toghadh Cinn Comhairle Nua go dtí 4.15 p.m.

That notwithstanding anything in Standing Orders, in particular Standing Order No. 10, the following arrangements shall apply in relation to next Tuesdays sitting:

(i) Taoiseach's Questions shall not be taken;

(ii) at 2.30 p.m. the Ceann Comhairle, John O'Donoghue T.D., shall make a Statement of Resignation and on the conclusion of this statement the sitting shall be suspended for 15 minutes;

(iii) on the resumption of business the Election of a New Ceann Comhairle shall take place; and

(iv) Oral Questions shall be taken on the conclusion of the Election of a New Ceann Comahirle until 4.15 p.m."

*—Pádraig Ó Ciardha, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh.*

---

**20*a*.** "Go gceadaíonn Dáil Éireann téarmaí an Chomhaontaithe idir Rialtas Réigiún Riaracháin Speisialta Hong Cong Dhaonphoblacht na Síne agus Rialtas na hÉireann maidir le Cúnamh Dlíthiúil Frithpháirteach i ndáil le Nithe Coiriúla a síníodh i Réigiún Riaracháin Speisialta Hong Cong an 19 Meán Fómhair, 2001 agus ar leagadh cóipeanna de faoi bhráid Dháil Éireann an 1 Deireadh Fómhair, 2009.

That Dáil Éireann approves the terms of the Agreement between the Government of Hong Kong Special Administrative Region of the People's Republic of China and the Government of Ireland concerning Mutual Legal Assistance in Criminal Matters which was signed at the Hong Kong Special Administrative Region on 19th September, 2001, copies of which were laid before Dáil Éireann on 1st October, 2009."

*—An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.*

---

## MEMORANDA

*Déardaoin*, 8 *Deireadh Fómhair*, 2009
*Thursday*, 8*th October*, 2009

Cruinniú den Chomhchoiste um Oideachas agus Eolaíocht i Seomra Coiste 2, TL2000, ar 10 a.m. *(príobháideach).*

Meeting of the Joint Committee on Education and Science in Committee Room 2, LH2000, at

10 a.m. *(private)*.

---

Cruinniú den Choiste um Chuntais Phoiblí i Seomra Coiste 1, TL2000, ar 10 a.m.
Meeting of the Committee of Public Accounts in Committee Room 1, LH2000, at 10 a.m.

---

Cruinniú den Chomhchoiste um Thalmhaíocht, Iascach agus Bia i Seomra Coiste 4, TL2000, ar 11 a.m.
Meeting of the Joint Committee on Agriculture, Fisheries and Food in Committee Room 4, LH2000, at 11 a.m.

---

Cruinniú den Chomhchoiste um Ghnóthaí Eachtracha i Seomra Coiste 3, TL2000, ar 11.30 a.m.
Meeting of the Joint Committee on Foreign Affairs in Committee Room 3, LH2000, at 11.30 a.m.

---

**SCRÍBHINNÍ A LEAGADH FAOI BHRÁID NA DÁLA**
**DOCUMENTS LAID BEFORE THE DÁIL**

*Reachtúil:*

1) Togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle lena bhfadaítear tréimhse feidhme na mbeart i gCinneadh 2007/641/CE lena gcríochnaítear na comhchomhairliúcháin le Poblacht Oileáin Fhidsí faoi Airteagal 96 de Chomhaontú Comhpháirtíochta ACP-CE agus Airteagal 37 den Ionstraim um Chomhar Forbartha mar aon le nóta faisnéise míniúcháin.
COM (2009) 431.

2) Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2009/706/CFSP an 15 Meán Fómhair 2009 ón gComhairle lena bhfadaítear sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh in iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine (IPIM) mar aon le nóta faisnéise míniúcháin.

*Statutory:*

1) Proposal for a Council Decision extending the period of application of the measures in Decision 2007/641/EC concluding consultations with the Republic of Fiji Islands under Article 96 of the ACP-EC Partnership Agreement and Article 37 of the Development Cooperation Instrument together with explanatory information note.
COM (2009) 431.

2) Council Joint Action 2009/706/CFSP of 15 September 2009 extending the mandate of the European Union Special Representative in the former Yugoslav Republic of Macedonia (FYROM) together with explanatory information note.